Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Bealtaine 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0168(NLE)**

**9869/23**
**ADD 1**

**PECHE 214**
**N 51**
**UK 106**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Bealtaine 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 276 final - IARSCRÍBHINNÍ |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann le Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE **lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 an 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus Rialachán (AE) 2023/194 an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 276 final - IARSCRÍBHINNÍ.

---

Faoi iamh: COM(2023) 276 final - IARSCRÍBHINNÍ

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 30.5.2023
COM(2023) 276 final

ANNEXES 1 to 2

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh**

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 an 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus Rialachán (AE) 2023/194 an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige**

## IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinní IA agus ID a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/194 mar a leanas:

(1) I gCuid A d'Iarscríbhinn IA, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla i gcomhair ainseabhaithe (*Engraulis encrasicolus*) i bhfolimistéir 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais de CECAF 34.1.1:

'

| Speiceas: | An t-ainseabhaí *Engraulis encrasicolus* | | Limistéar: | 9 agus 10; Uiscí an Aontais de CECAF 34.1.1 (ANE/9/3411) |
|---|---|---|---|---|
| An Spáinn | 2 183 | (1) | TAC réamhchúraim | |
| An Phortaingéil | 2 381 | (1) | | |
| An tAontas | 4 564 | (1) | | |
| TAC | 4 564 | (1) | | |
| (1) | Ní fhéadfar an cuóta seo a iascach ach ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023. | | | |

';

(2) I gCuid B d'Iarscríbhinn IA:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla i gcomhair séaclaí Artacha (*Pandalus borealis*) i roinn 3a ICES:

'

| Speiceas: | An séacla Artach *Pandalus borealis* | | Limistéar: | 3a (PRA/03A.) |
|---|---|---|---|---|
| An Danmhairg | 1 429 | (1) | TAC anailíseach | |
| An tSualainn | 769 | (1) | Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. | |
| An tAontas | 2 198 | (1) | Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. | |
| TAC | 4 117 | (1) | | |
| (1) | Ní fhéadfar an cuóta seo a iascach ach ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2023. | | | |

';

(b) cuirtear an tábla seo a leanas isteach i ndiaidh an tábla i gcomhair séaclaí Artacha (*Pandalus borealis*) i roinn 3a ICES:

'

| Speiceas: | An séacla Artach *Pandalus borealis* | | Limistéar: | 3a (PRA/03A.2) |
|---|---|---|---|---|
| An Danmhairg | p.m. | (1) | TAC anailíseach | |
| An tSualainn | p.m. | (1) | Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. | |
| An tAontas | p.m. | (1) | Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. | |

| | | |
|---|---|---|
| TAC | p.m. | [1] |

| | |
|---|---|
| [1] | Ní fhéadfar an cuóta seo a iascach ach ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024. |

';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla i gcomhair salán (*Sprattus sprattus*) agus foghabhálacha gaolmhara i roinn 3a ICES:

'

| Speiceas: | An salán agus foghabhálacha gaolmhara *Sprattus sprattus* | | Limistéar: | 3a (SPR/03A.) |
|---|---|---|---|---|
| An Danmhairg | p.m. | [1][2][3] | TAC anailíseach | |
| An Ghearmáin | p.m. | [1][2][3] | | |
| An tSualainn | p.m. | [1][2][3] | | |
| An tAontas | p.m. | [1][2][3] | | |
| TAC | p.m. | [2] | | |

| | |
|---|---|
| [1] | Féadfaidh suas le 5 % den chuóta a bheith ina fhoghabhálacha faoitíní agus cadóg (OTH/*03A.). Foghabhálacha faoitíní agus cadóg arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun na forála seo agus foghabhálacha speiceas arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní rachaidh siad, i dteannta a chéile, thar 9 % den chuóta. |
| [2] | Ní fhéadfar an cuóta seo a iascach ach ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024. |
| [3] | Féadfar aistrithe an chuóta seo a dhéanamh chuig uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 2a agus 4. Tabharfar fógra, áfach, don Choimisiún agus don Ríocht Aontaithe roimh ré faoi aistrithe den sórt sin. |

';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla i gcomhair salán agus foghabhálacha gaolmhara (*Sprattus sprattus*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus in uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES, agus in uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a:

'

| Speiceas: | An salán agus foghabhálacha gaolmhara *Sprattus sprattus* | | Limistéar: | Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; Uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (SPR/2AC4-C) |
|---|---|---|---|---|
| An Bheilg | p.m. | [1][2] | TAC anailíseach | |
| An Danmhairg | p.m. | [1][2] | | |
| An Ghearmáin | p.m. | [1][2] | | |
| An Fhrainc | p.m. | [1][2] | | |
| An Ísiltír | p.m. | [1][2] | | |
| An tSualainn | p.m. | [1][2][3] | | |
| An tAontas | p.m. | [1][2] | | |
| An Iorua | p.m. | [1] | | |
| Oileáin Fharó | p.m. | [1][4] | | |
| An Ríocht Aontaithe | p.m. | [1] | | |
| TAC | p.m. | [1] | | |

| | |
|---|---|
| [1] | Ní fhéadfar an cuóta a iascach ach ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024. |
| [2] | Féadfaidh suas le 2 % den chuóta a bheith ina fhoghabhálacha faoitíní (OTH/*2AC4C). Foghabhálacha faoitíní arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun na forála seo agus foghabhálacha speiceas arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní rachaidh siad, i dteannta a |

| | |
|---|---|
| | chéile, thar 9 % den chuóta. |
| (3) | Lena n-áirítear spéirlintí. |
| (4) | Féadfaidh suas le 4 % de a bheith ina fhoghabhálacha scadán. |

’;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla i gcomhair salán (*Sprattus sprattus*) i ranna 7d agus 7e ICES:

‘

| Speiceas: | An salán<br>*Sprattus sprattus* | | Limistéar: 7d agus 7e<br>(SPR/7DE.) |
|---|---|---|---|
| An Bheilg | p.m. | (1) | TAC anailíseach |
| An Danmhairg | p.m. | (1) | |
| An Ghearmáin | p.m. | (1) | |
| An Fhrainc | p.m. | (1) | |
| An Ísiltír | p.m. | (1) | |
| An tAontas | p.m. | (1) | |
| An Ríocht Aontaithe | p.m. | (1) | |
| TAC | p.m. | (1) | |

(1) Ní fhéadfar an cuóta a iascach ach ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024.

’;

(3) In Iarscríbhinn ID, sna táblaí i gcomhair an méid seo a leanas: (i) tuinníní colgacha an Tuaiscirt (*Thunnus alalunga*) san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5° T; (ii) tuinníní colgacha an Deiscirt san Aigéan Atlantach, laisteas de 5° T; (iii) tuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*) san Aigéan Atlantach; (iv) colgáin (*Xiphias gladius*) san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5° T; agus (v) colgáin san Aigéan Atlantach, laisteas de 5° T, cuirtear an méid seo a leanas isteach:

‘Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.’

## IARSCRÍBHINN II

In Iarscríbhinn ID a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/109, sna táblaí i gcomhair an méid seo a leanas: (i) tuinníní colgacha an Tuaiscirt (*Thunnus alalunga*) san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5° T; (ii) tuinníní colgacha an Deiscirt san Aigéan Atlantach, laisteas de 5° T; (iii) tuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*) san Aigéan Atlantach; (iv) colgáin (*Xiphias gladius*) san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5° T; agus (v) colgáin san Aigéan Atlantach, laisteas de 5° T, cuirtear an méid seo a leanas isteach:

'Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.'